Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Eanáir 2024**
**(OR. en)**

**5028/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0350(NLE)**

**PECHE 2**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | RIALACHÁN ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2024 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh<br>• Ráiteas ón bhFrainc agus ón Iodáil |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo ráiteas ó thoscaireachtaí na Fraince agus na hIodáile maidir leis an dréachtrialachán thuasluaite.

**RÁITEAS ÓN bhFRAINC AGUS ÓN IODÁIL maidir leis an sásra cúitimh i ndáil le Plean Ilbhliantúil na Meánmhara Thiar a chur chun feidhme ar bhonn deonach**

Chun aon deacrachtaí a sheachaint maidir le cur chun feidhme na bhforálacha a bhaineann leis an sásra cúitimh, is gá a shoiléiriú go bhfuil sé i gceist na bearta a thuairiscítear in Airteagal 7 den Dréacht-togra le haghaidh '*Rialachán ón gComhairle lena socraítear na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh le haghaidh 2024'* a chur chun feidhme ar bhonn deonach go heisiach agus nár ceapadh iad le bheith éigeantach do na Ballstáit.

Ba cheart don Choimisiún an cur chuige deonach sin a mheas i gcur chun feidhme an tsásra cúitimh do gach Ballstát.